

Bean a-nois chabhras chrích Meadhba

[McKenna, L.: *The book of Magauran*, Dublin, 1947, poem 13]

1 Bean a-nois chabhras chrích Meadhba,  
maith dá furtacht feidhm na mná;  
díon ó gCuinn cabhair ó Meadhba  
ar chanaidh fhuinn Teamhra tá.

2 Inghean í Chonchubhair chabhras  
cóigeadh Meadhba - is maith dá tháth;  
an tsíon bhalbh ag brath na Sadhbha,  
Sadhbh dá rath go gcabhra chách.

3 Ní bean eile acht inghean Chathail  
chabhras dá feidhm fód a sean;  
éad le cách im ghnaoi do-ghéabha,  
ar mnaoi Ráth ní bhéara bean.

4 Ní bhia triath gan teacht dá bruidhin,  
ní bhia bean gan bheith n-a ráith,  
ní bhí teagh na mná gan mhuirear  
gé tá an bhean ag cuireadh cháich.

5 A-tá a nós - is ní dá diadhacht -  
ag díon bhan 's ag bádhudh locht;  
a-tá bladh is bríogh a guidhe  
ag díon na mban uile ar olc.

6 Do-gheibh chlú, gi cúich nach faghaibh  
nach [fearr] bean 's a beith ós chách;  
fuair dhíon ar choiribh na colla,  
a ndíol d'oiribh troma [a] tráth.

7 Nós a féile is fada ráinig  
ríoghan mhaordha Mhaighe hAoi;  
fada soir ro feas a feabhas,  
im muir theas gheabhas re gnaoi.

8 Clú na ríogh ní ragha dhise,  
dul dá teisd má tá ar gach rígh;  
geall is gach mhodh ar maith Shaidhbhe  
re dol do sgaith Dairbhre dhíbh.

9 Inghean Chathail Chríche Teamhrach  
do [thuair] chlú le gcosain gheall;  
beith ós gach fhlaith is lór dhise,  
móir is maith gidh ise as fhéarr.

10 Béaraidh mhná is is meinic bheireas  
tar bladh cáich gidh cúich nach rug;  
rath don mhnaoi mar tá gá thuilliumh  
ar gnaoi gach mná is tuilleadh tug.

11 Inghean í Chonchubhair chaitheas  
re clú an rath nach rángas dréim  
roinn dá crudh ar chradh nach raibhe  
do chur bhan a baile ó bhéim.

12 Neach ar chlú nír cuireadh tairse  
an teisd fuair dá bhfaghbhadh neach;  
geall ar ghnaoi gibé dhar beanadh  
le mnaoi gCé bearar a bhreach.

13 Do-ní rún bha riarfa an Dúileamh,  
le ndingne a díon diadha an réim;  
do-ní gach naomh ní ar a guidhe  
mar ro-ní craobh Ruighe a réir.

14 Ní fhuil chléir gan chuid dá hionnmhas,  
ní fhuil dáimh nach déan a dtoil,  
ar bhfagháil raith do ghéig Gabhra  
ní théid tar maith Sadhbha soin.

15 Ar ghnúis gcorcra chraobhe Bóinne  
do-bhéar theisd gá teisd as fhéarr ?  
“Éad ar mnáibh ma bhreith mar bheire  
tre bhreith gcáir do-gheibhe an geall.”

16 Tugais ar nós ní ós do thosaigh,  
tugais druim re déanamh locht;  
ní fhionnfa bean dá mbí it aighidh  
[ní ná] meadh bhus ainimh ort.

17 Taitneamh cumhdaigh do chiabh ndíoghain,  
dath an fhuilt is amhlaidh bhíos;  
ní bhean t'fholt cam as [a] chloidhibh  
tocht dá bharr fad throighidh tíos.

18 Tú go cian ó chiontaibh Éabha,  
amhghar sibh ar son bhar ngaoil;  
ní bhiad dod chlí coire Eabha  
ní as gohoire ná [a] deala dhaoibh.

19 Maith do chlú ó chur red mhaitheas,  
maith dá díon gan déanamh n-uilc;  
muna díon caithmhighe an chroidhe  
t'aithrighe ag díol choire an chuirp.

20 Tusa ós mhnáibh le méad do theasda  
mar taoi ar chlú ós chionn gach shluaigh;  
ní hé do chradh ní hí th'anáir  
dá rabh ní gan fhagháil uaibh.

21 Ar ndáil chruidh do chanaidh Mhuaidhe  
tar mná Connacht cuirtear í;  
ar ndáil ghreadh seang leis an Saidhbhsin  
bean as fhearr n-a haimsir hí.

22 Do-ní maith ar mhuinntir nimhe,  
do-ní re Dia díol a chréacht;  
a dula gan choire ó cheanaibh  
oire is lugha i ndeaghaidh déarc.

23 Dá mbeath gan fhear Aoibheall Chunga  
do chath Bhréifne ó mbearhtar sluaigh  
ní fuighthe dhí a díol [do] chéile  
acht rí dar fhíor Éire d'fhuaim.

24 Geall einigh gá haigreadh bhanda,  
buaidh ndealbha gá dreich mar bhláth,  
geall ag Saidhbh ar a son féine,  
is dá naidhm dol dá céile ós chách.

25 Dealbhaidh leomhan láimh re dreagan,  
dealbhaidh eocha i n-eangaibh sróill,  
géis Leamhna gá gear i [gcorrthair],  
ealbha dhamh re n-onchoin óir.

26 Mórthair cliara le crodh Saidhbhe,  
seachnaidh cionta ón cheird do-ní;  
d'aithbhearr chean gidh créad do-gheabhtha  
ní fhéad bean a seachna acht sí.

27 Lúdh go cill do cheannach loghaidh,  
lúdh go dáimh - gá doirbhe céim  
lúdh n-a coinne dá mbé ar bhochtaibh  
loinne lé rochtain dá réir.

28 Suil bheanaid géaga a glac ndíoghaínn  
re dlaoithibh failt fhleisge Liag  
clanna boga n-a céibh chaistigh  
foda gan bhéin aistibh iad.

29 Feacaídh thile i dtosach cairbhe,  
cuiridh each ag imdheacht raon,  
[leanaidh] a beirt bréig a cuma,

nir mhéid neirt acht truma a taobh.

30 Glór gach [aoin re] hinghin gCathail  
do chath Bhanbha ó bhíd n-a purt:  
“neach dan léir gach ainimh fholaigh  
ní airigh béim oraibh dh’ulc.”

31 Teisd gach ffileadh ar th’fholt feactha  
fiu na teasda tiocfa dhíot;  
“gidh bladh fa-deara gidh déarca  
ceana ban do fhéadfa a n-íoc.”

32 Téighe ar rath tar ríoghnaibh Connacht,  
ar chlú dhíot ní dheachaídh sluagh;  
téid tar shlógh thar nar dhú dula,  
mó� do chlú is ní lugha a luadh.

33 A Shadhbh ní hionghar dot anmain  
ar fhóir tú dá dtéid a curp;  
mná ó phéin tre pheacthaibh marbhtha  
beantair ag béin t'anma ó ulc.

34 A inghean Ailbhe fhuinn Bhóinne,  
bean bhad theisd ní thiocfa id dhiaidh;  
dar lat is duid a-tá [a] tarbha  
cuid gach mná do Bhanbha Bhriain.

35 Do-gheibh rath do réir gach dhuine  
Dia dá riár mar ráinig lé;  
tar a mbia [i] n-aghaidh a hanmun  
raghaidh le Dia i ndaghbhrugh nDé.

36 [Mór] do rath ós ríoghraídh Bhanbha  
biaidh ar chlú ós chionn gach mná;  
an rath nar thuil do mhnaoi mhuile  
mar mhuir [an] laoi thuile a-tá.

37 Gé rabh uirre uamhan ciontadh  
cion n-a leath ní leigfe naomh;  
dá maitheadh Dia is dí ná maithfeadh  
ní fa ria aithbhearr gach aon.

38 Inghean mheic Dhomhnaill Dúin Tuathail  
ar thuar chlú do cheannaigh neamh;  
dínidh hí d'anáir is d'fhéile  
nach bí ag fagháil bhéime an bhean. Bean

38 Lór do chabhair Chóigidh Mheadhbha  
Mág Amhraghán - ríodha a ré;

ceannchaid na slóigh síodh ar Néillne  
nó gur díon d'fhóir Éirne é.

39 Mág Shamhraghán shireas cheannas  
ar chath mBréifne dá mbalbh sreabh  
[i] ndáil reann do rath a fhaghla  
geall do chath Bhanbha do bhean.